



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Teastas Sóisearach 2012**

**An Scéim Mharcála**

**Gaeilge**

**Ardleibhéal**

# TREORACHA GINEARÁLTA

1. Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.
2. Ní mór don Scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.
3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.
4. Ní ceart don Scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.
5. Dírítear aird an Scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar leathanaigh 8- 9 den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh.

PÁIPÉAR 1  
(150 marc)

ROINN I

AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA

40 MARC

- Ní mór na freagraí ar fad a scríobh as Gaeilge ach **amháin** sna cásanna nach bhfuil gá leis.
- Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal/ na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra

**Cuid A (16 marc)**

Ocht mír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

**2 mharc x 8 = 16 mharc.**

**Cuid B (12 marc)**

Sé mhír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

**2 mharc x 6 = 12 mharc.**

**Cuid C (12 mharc)**

Sé mhír eolais, dhá mharc an ceann.

**2 mharc x 6 = 12 mharc.**

ROINN II

LÉAMHTHUISCINT

40 MARC

**Ceist 1 (40 marc)**

Freagair **A** agus **B** anseo.

**A. (20 marc)**

Tá cúig cheist, (i) – (v) le freagairt.

Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (i): (a) 2 + (b) 2 = **4 mharc.**

Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceiste (ii): 2+2 = **4 mharc.**

Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (iii): (a) 2 + (b) 2 = **4 mharc.**

Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceiste (iv): 2+2 = **4 mharc.**

Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceiste (v): 2+2 = **4 mharc.**

**4 mharc x 5 = 20 marc**

**B. (20 marc)**

Tá **cúig** cheist, (i) – (v) le freagairt.

Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (i) (a) 2 + (b) 2 = **4 mharc.**

Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (ii) (a) 2 + (b) 2 = **4 mharc.**

Is leor mír eolais **amháin** i gcás ceiste (iii) = **4 mharc.**

Tá freagra ceart **amháin** ar cheist (iv) = **4 mharc.**

Tá freagra **ceart amháin** ar cheist (v) = **4 mharc.**

**4 mharc x 5 = 20 marc**

**Ceist 2 (10 marc)**

Freagair A *agus* B anseo.

**A. (20 marc)**

Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.

Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.

Bronntar **dhá** mharc ar gach mír eolais atá ceart.

Má tá dhá chuid sa bhfreagra m.sh. **go + mbainfear; ní + dhéanfaidh**, bronntar **1 + 1** ar an bhfreagra ceart

**2 mharc x 5 = 10 marc.**

**B. (10 marc)**

Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.

Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.

Bronntar **dhá mharc** ar gach mír eolais atá ceart.

Má tá dhá chuid sa bhfreagra, m.sh. **dhá mhíle (fiche) is a deich** bronntar **1 + 1** ar an bhfreagra ceart..

**2 mharc x 5 = 10 marc.**

**A. + B. = 20 marc**

Bheifí ag súil, sa mharcáil anseo, le **coibhneas** áirithe idir na marcanna **d'ionramháil an ábhair** agus na marcanna don **chumas Gaeilge**.

**Ceist 3. (50 marc)**

Ní gá níos mó ná **leathanach go leith** a scríobh.

**Ábhar:** 10 marc.

**Gaeilge:** 40 marc.

**Iomlán: 10 + 40 = 50 marc.**

An dáileadh céanna marcanna atá i gceist i ngach rogha in **A, B, C** agus **D**.

PÁIPÉAR II  
(90 marc)

ROINN I

PRÓS LITEARTHA

30 MARC

**Ceist 1. (15 mharc)**

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint:** 4 mharc  $(2 + 2) \times 3 = 12$ .

**Buntuiscint:** (i) =  $2 + 2 = 4$  mharc

(ii) =  $2 + 2 = 4$  mharc

(iii) =  $2 + 2 = 4$  mharc

**Léirthuisicint:** (i) **cosúlacht** = 1; **difríocht** = 1; **léiriú** = 2 = iomlán = 4 mharc

(ii) **dhá** phointe eolais =  $1 + 1$ ; **léiriú** = 2 = iomlán =  $\frac{1}{1}$  4 mharc

(iii) **dhá** chúis =  $1 + 1$ ; **léiriú** = 2 = iomlán = 4 mharc

- **Gaeilge:** + 3 mharc  $(+ 1 / + 2 / + 3)$

**Iomlán =  $(4 \times 3) + 3 = 15$  mharc.**

**Ceist 2. (15 mharc)**

**A (i) agus B (i)**

**Teideal an tsaothair** = 1 mharc

**Ainm an údair** = 1 mharc **2 mharc**

**A (ii) agus B (ii)** **Ábhar:** 5 mharc; **Gaeilge:** 8 marc

**A nó B =  $1+1+5+8 = 15$  mharc**

**Ceist 3. (15 mharc)**

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint:** 4 mharc (4 x 3) = **12 mharc.**

**Buntuiscint:** (i) (a) **dhá** fhuaim = 1+1 = 2;  
(b) **dhá** radharc = 1+1= 2;

(a) + (b) = 2+2 = **4 mharc**

(ii) (a) **dhá** shórt glantacháin ( *nó* cúram tí) = 1+1 = 2;  
(b) **An Fhadhb** = 1; **An Réiteach** = 1 = 1+1 = 2;

(a) + (b) = 2+2 = **4 mharc**

(iii) **míniú** = marc as **4 mharc** ( 4 / 3 / 2 / 1 )

**Léirthuisicint:** (i) **mothúchán** amháin = 2; **dhá** phointe eolais = 1 + 1; iomlán = 2+2 = **4 mharc**

(ii) **dhá** phointe eolais = 1 + 1; léiriú = 2 = iomlán = 1+1+2 = **4 mharc**

(iii) **cosúlacht** = 1; **difríocht** = 1; léiriú = 2 = iomlán = 1+1+2 = **4 mharc**

- **Gaeilge:** 3 mharc ( + 1 / + 2 / + 3 )

**Iomlán = (4 x 3) + 3 = 15 mharc**

**Ceist 4. (15 mharc)**

**A (i) agus B (i)**

**Teideal an dáin** = 1 mharc  
**Ainm an fhile** = 1 mharc **2 mharc**

**A (ii) agus B (ii)**

- **Ábhar:** 5 mharc
- **Gaeilge:** 8 marc

**A nó B : 1 + 1 + 5 + 8 = 15 mharc.**



## OIRIÚNTAS RÉASÚNTA

Tá roinnt leasuithe ar an scéim mharcála le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, faofa ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh. Iarrtar ort na hiarrthóirí seo a mharcáil sa ghnáthshlí, d'réir na scéime marcála, agus na leasuithe seo a leanas a chur i bhfeidhm ansin. Ní mór na leasuithe a thaispeáint ar fhreagarleabhair na n-iarrthóirí. Baineann an t-oiriúntas seo le litriú agus le cruinneas gramadaí sna ceisteanna a bhfuil marcanna ar leith ag dul do na nithe sin.

### PÁIPÉAR 1

ROINN III	TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA	20 MARC
-----------	--------------------------------	---------

#### Ceist 2 (20 marc)

**Treoir:** Glactar le leis an bhfreagra chomh fada agus atá comhréir na habairte agus an fhoghraíocht i gceart.

ROINN IV	CEAPADÓIREACHT	50 MARC
----------	----------------	---------

#### Ceist 3 (50 marc)

**Ábhar:** 10 marc. **Gaeilge:** 40 marc.  $10 + 40 = 50$  marc.

**Treoir:** An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

10 – 14: + 1.      15 – 24: + 2.      25 – 34: + 3.

35 – 36: + 4.      37, 38, 39 > 40.

### PÁIPÉAR II (S8)

ROINN I	PRÓS LITEARTHACHA	30 MARC
---------	-------------------	---------

#### Ceist 1.

Trí cheist: **Tuiscint:** 4 mharc.

**Gaeilge:** 1 mharc.

**Treoir:** Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar Thuiscint.

#### Ceist 2.

**Gaeilge:** 8 marc.

**Treoir:** An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

2 – 4: + 1.      5 – 6: + 2.      7 > 8.



**Ceist 3.**

Trí cheist: **Tuiscint:** 4 mharc.

**Gaeilge:** 1 mharc.

**Treoir:** Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar Thuiscint.

**Ceist 4.**

**Gaeilge:** 8 marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

$$2 - 4: + 1. \quad 5 - 6: + 2. \quad 7 > 8.$$

**Ceist 5.**

**Gaeilge:** 17 marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

$$4 - 7: + 1. \quad 8 - 11: + 2. \quad 12 - 14: + 3. \quad 15, 16 > 17.$$

Aguisín

Freagraí Samplacha

PÁIPÉAR 1  
(150 marc)

ROINN I

AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA

40 MARC.

CUID A (16 mharc)

1.

AN CHÉAD CHAINTEOIR

An Téacs:

*Caidé mar atá sibh a chairde? Treasa Ní Ruairc ag caint libh. Is as Contae Liatroma mé. Tá mé san ospidéal mar bhí timpiste bheag agam. Chuir mé mo ghlúin as alt nuair a bhí mé ag imirt peile don scoil. Tá díomá orm mar ní bheidh mé in ann peil a imirt go ceann míosa ar a laghad.*

Ainm	Treasa Ní Ruairc
Cad as do Threasa?	Co(ntae) Liatroma / Liatroim
Cá bhfuil sí anois?	(san) ospidéal.
Conas a tharla an timpiste di?	(Bhí sí) ag imirt peile / peil / chuir sí a glúin as alt.
Cén fáth a bhfuil díomá uirthi?	Ní bheidh sí in ann peil a imirt (go ceann míosa / go ceann tamaill).

2.

AN DARA CAINTEOIR

An Téacs:

*Dia dhaoibh. Is mise Traolach Ó Súilleabháin. Rugadh mé i gCorcaigh ach tá cónaí orm anois i mBaile Átha Cliath. Is tiománaí tacsáí í mo mháthair agus tá m'athair ag obair i Londain. Beidh mé ag dul go dtí Cluichí Oilimpeacha 2012 an samhradh seo mar cheannaigh m'athair ticéad dom. Is maith liom ceol agus is í Adele an t-amhránaí is fearr liom.*

Ainm	Traolach Ó Súilleabháin
Cá bhfuil cónaí ar Thraolach?	I mBaile Átha Cliath. (B.Á.C.)
Breac síos <b>dhá</b> phointe eolais ón bpíosa faoi na Cluichí Oilimpeacha.	<ul style="list-style-type: none"><li>○ Beidh sé ag dul (chucu).</li><li>○ Cheannaigh a athair ticéad dó.</li><li>○ Beidh siad ar siúl an samhradh seo / 2012</li><li>○ Beidh siad ar siúl i Londain.</li></ul>
Ainmnigh an t-amhránaí is fearr leis.	Adele

## CUID B (12 mharc)

1.

### FÓGRA

An Téacs:

*Seo í réamhaisnéis na haimsire. Glanfaidh an bháisteach atá go forleathan anois i ndeisceart na tíre. Beidh an trathnóna grianmhar ar fud na tíre. Idir naoi gcéim déag celsius agus trí chéim is fiche celsius a bheidh an teocht anocht.*

- (a) Is fógra speisialta é seo. Cad a thugtar air, mar fhógra?
- *Réamhaisnéis na haimsire / Tuar na haimsire / Scéal na haimsire / An aimsir*
- (b) Cén chuid den tír a bhfuil báisteach go forleathan ann anois?
- *(i n) deisceart (na tíre)*
- (c) Cén teocht a bheidh ann anocht?
- *Idir naoi gcéim déag celsius agus trí chéim is fiche celsius*
  - *19 - 23 chéim Celsius / 19° - 23° / 19 – 23, (19, 20, 21, 22, 23)*

2.

### PÍOSA NUACHTA

An Téacs:

*A mhuinteoirí agus a dhaltaí, ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le Stiofán Ó Siochrú. Bhuaigh Stiofán an chéad duais mar Eolaí Óg Na Bliana san RDS inné. Is cúis onóra í sin don scoil. Tá gach éinne sa scoil fíorbhródúil asat, a Stiofáin.*

- (a) Cén duais a bhuaigh Stiofán Ó Siochrú sa chomórtas Eolaí Óg na Bliana?
- *An chéad duais*
  - *An Iú (duais)*
  - *Eolaí Óg na Bliana*
- (b) Luaigh **dhá chúis** a bhfuil an duine ag déanamh comhghairdis le Stiofán?
- *Bhuaigh Stiofán an chéad duais*
  - *(Bhuaigh sé) Eolaí Óg Na Bliana.*
  - *Is cúis onóra í sin don scoil*
  - *Tá gach éinne sa scoil fíorbhródúil as Stiofán.*

1. COMHRÁ A hAON

**An Téacs:**

**An Chéad Mhír**

**Róise:** *Haló, a Pheadair. An raibh tú ag an gceolchoirm aréir?*

**Peadar:** *Ó bhí mé. Chonaic mé tú féin ann.*

**Róise:** *Bhí an banna ceoil, Páistí Lir, go maith, a Pheadair.*

**Peadar:** *Ach ní raibh an banna ceoil, Dórémí, chomh maith leo.*

**An Dara Mír**

**Róise:** *Bhí uirlis cheoil as tiúin nuair a bhí Dórémí ag seinm?*

**Peadar:** *An phíb uilleann nó an bosca ceoil?*

**Róise:** *An bosca ceoil, a Pheadair.*

**Peadar:** *Ach tá cluas mhaith ag Criostóir.*

**Róise:** *An córas fuaime b'fhéidir!*

**Peadar:** *Bhí an fhuaim go dona.*

**Róise:** *Tá an tsíleáil sa halla sin ró-ard, a Pheadair.*

**An Chéad Mhír**

(a) Cá raibh Róise agus Peadar aréir?

- *Ag an gceolchoirm / (ag) ceolchoirm / Ag Páistí Lir / Ag Dórémí*

**An Dara Mír**

(a) Cén uirlis cheoil a bhí as tiúin, dar le Róise?

- *An bosca (ceoil).*

(b) Cén fáth a raibh an fhuaim sa halla go dona, dar le Róise?

- *(Tá an t) síleáil (sa halla) ró-ard.*
- *Bhí uirlis cheoil as tiúin.*
- *An córas fuaime.*

## 2. COMHRÁ A DÓ

**An Téacs:**

### **An Chéad Mhír**

**Sadhbh:** *Dia dhuit, a Choilm. An bhfuil bomaite agat?*

**Colm:** *Cinnte, a Shadhbh. Caidé atá ag cur as duit a thaisce?*

**Sadhbh:** *Chaill mé fáinne cluaise ag an dioscó aréir.*

**Colm:** *Nach cuimhin leat? Thug tú dom é ag deireadh na hoíche.*

**Sadhbh:** *Iontach. Fuair mé an péire mar fhéirín Nollag.*

### **An Dara Mír**

**Colm:** *Cé a thug duit iad?*

**Sadhbh:** *Mo dheirfiúr Sandra.*

**Colm:** *Ar aon nós tá an ceann a bhí ag gortú do chluaise agam.*

**Sadhbh:** *An bhfuil tú sa bhaile anois, a Choilm?*

**Colm:** *Tá mé. Buail trasna chugam anois, a Shadhbh.*

**Sadhbh:** *Feicfidh mé tú i gcionn leathuaire.*

### **An Chéad Mhír**

(a) Cad é atá ag cur as do Shadhbh?

- *(chaill sí) fáinne cluaise (ag an dioscó aréir).*

### **An Dara Mír**

(b) Cé a thug an féirín Nollag do Shadhbh?

- *A deirfiúr Sandra.*
- *A deirfiúr*
- *Sandra*

(c) Cén socrú a rinne Sadhbh le Colm?

- *Bualadh trasna chuige.*
- *Dul trasna chuige.*
- *Bualadh leis ina theach.*
- *Dul go dtí a theach*
- *É a fheiceáil i gcionn leathuaire*
- *Bualadh leis i gcionn leathuaire*

**Ceist 1.** Freagair **A** agus **B** anseo.

**A** (20 marc)

Léigh an píosa iriseoireachta seo agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*

### Réalta d' Aois an Ghréasáin Dhomhanda

1. Is ar 1 Márta, 1994, in Ontario, Ceanada, a saolaíodh Justin Bieber. Nuair a bhí sé ag fás aníos bhí spéis aige sa haca, sa sacar agus san fhicheall. Ach nuair a chonaic a mháthair gur fhoghlaim Justin conas an pianó, na drumáí, an giotar agus an trumpa a sheinm as a stuaim féin, thuig sí go raibh bua an cheoil aige. Rinne sí a dícheall an bua sin a fhorbairt ann.
2. Thairfead a mháthair físeán de Justin Bieber agus é ag canadh *So Sick*, amhrán, de chuid Ne-Yo. Chuir sí an físeán ar YouTube. Chonaic Scooter Braun, as Raymond Braun Media Group in Atlanta, an físeán. Thuig Scooter Braun go raibh réalta úr aimsithe aige. Chuaigh sé chun cainte le Justin agus lena mháthair. Ansin chuir Scooter Braun agus a chairde plean poiblíochta le chéile chun Justin Bieber a chur in aithne don domhan mór.
3. Socraíodh go mbeadh íomhá nua-aimseartha aige: caipín cluiche corr, stíl ghruaige, húdaí agus bróga reatha lonracha. Eisíodh albaim dá chuid ceoil agus amhráin shingile. Bhí físeáin ag dul le cuid de na hamhráin. Chan Justin Bieber beo ar na cláir mhóra ar an teilifís agus ar an raidió. Bhí sé mar aoi-aisteoir in *CSI: Crime Investigation*. Cuireadh cuid dá cheolchoirmeacha ar YouTube agus ar Twitter. Chan sé in éineacht le hamhránaithe cáiliúla ar nós Taio Cruz, Dr. Dre, Miley Cyrus, Chris Brown, agus Kanye West.
4. Tá ainm Justin Bieber in airde anois agus lucht leanúna aige i measc déagóirí ar fud an domhain. In 2010 agus in 2011 cuardaíodh an t-ainm Justin Bieber ar an idirlíon níos minice ná ainm aon duine cháiliúil eile. Ar nós go leor réaltaí ceoil eile, sa lá atá in inniu ann, is réalta é Justin Bieber d'aois an ghréasáin domhanda. Deirtear go bhfuil lucht leanúna de shé mhilliún aige ar Twitter agus go gcláraíonn 24,000 duine nua in aghaidh an lae.
  - (i) (a) Luaigh na cluichí a raibh spéis ag Justin Bieber iontu nuair a bhí sé óg.
    - *haca, sacar agus ficheall.*
  - (b) Conas a léirigh Justin Bieber dá mháthair go raibh bua an cheoil aige?
    - *D'fhoghlaim sé conas uirlisí ceoil (an pianó, na drumáí, an giotar agus an trumpa) a sheinm as a stuaim féin.*
- (ii) Rinne máthair Justin a dícheall bua an cheoil a fhorbairt ann. Scríobh síos **dhá** rud a rinne sí
  - *Thairfead sí físeán de Justin.*
  - *Chuir sí an físeán ar YouTube.*
  - *Labhair sí le Scooter Braun.*
  - *Chuidigh sí le plean poiblíochta a chur le chéile.*

- (iii) (a) Cén chuspóir a bhí ag an bplean poiblíochta a cuireadh le chéile ?
- *chun Justin Bieber a chur in aithne don domhan mór.*
  - *Chun íomhá nua-aimseartha a thabhairt do Justin.*
- (b) Déan cur síos ar an íomhá nua-aimseartha a socraíodh do Justin.
- *caipín, stíl ghruaige, hudaí agus bróga reatha lonracha*
  - *Tugadh feisteas /éadaí faiseanta dó.*
- (iv) Déan cur síos ar **dhá** rud eile a rinne Justin Bieber (taobh amuigh den íomhá nua-aimseartha) a thug poiblíocht dó.
- *Eisíodh albaim dá chuid*
  - *Eisíodh amhráin shingile*
  - *Eisíodh físeáin ag dul lena chuid amhrán.*
  - *Chan Justin Bieber beo ar an teilifís*
  - *Chan Justin Bieber beo ar an raidió.*
  - *Bhí sé mar aoí-aisteoir in CSI: Crime Investigation.*
  - *Cuireadh cuid dá cheolchoirmeacha ar YouTube*
  - *Cuireadh cuid dá cheolchoirmeacha ar Twitter.*
  - *Chan sé in éineacht le hamhránaithe cáiliúla.*
- (v) Is réalta é Justin Bieber d'aois an ghréasáin dhomhanda.  
Luaigh **dhá** phíosa eolais as **alt 4** a léiríonn go bhfuil sé sin fíor.
- *(In 2010 agus in 2011) cuardaíodh an t-ainm Justin Bieber ar an idirlíon níos minice ná ainm aon duine cháiliúil eile.*
  - *Tá sé mhilliún de lucht leanúna aige ar Twitter.*
  - *Cláraíonn 24, 000 duine nua ar Twitter in aghaidh an lae*
  - *Lucht leanúna aige ( i measc déagóirí ) ar fud an domhain.*



## B (20 marc)

Léigh an píosa iriseoireachta seo (bunaithe ar eolas atá ar fáil ag [www.rrr.ie](http://www.rrr.ie)) agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. *Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*

### Raidió Rí-Rá

1. Is stáisiún raidió do dhaoine óga é *Raidió Rí-Rá*. Tá sé ar fáil ar líne ag [www.rrr.ie](http://www.rrr.ie), ó cheann ceann an lae, seacht lá na seachtaine. Cuirtear na cláir ar fad i láthair trí mheán na Gaeilge. Is fiú dul ar líne chun éisteacht le scoth an cheoil mar cloisfidh tú na hamhráin is déanaí as na cairteacha ar *Raidió Rí-Rá*. Chomh maith le héisteacht leis an gceol is féidir leat féachaint ar an suíomh gréasáin tarraingteach atá ag an raidió. Tá nasc ag [www.rrr.ie](http://www.rrr.ie) le Facebook freisin, agus is féidir leat cairdeas agus comhrá a dhéanamh le héisteoirí eile, agus le muintir *Raidió Rí-Rá* féin, ar Facebook.
2. Thosaigh *Raidió Rí-Rá* ag craoladh den chéad uair i mí an Mhárta 2008. Is é *Raidió Rí-Rá* an stáisiún oifigiúil a bhíonn ag an bhféile idirnáisiúnta Seachtain na Gaeilge gach aon bhliain. Bíonn an stáisiún le cloisteáil beo ar an gcóras raidió FM i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i nGaillimh agus i Luimneach, le linn mhí an Mhárta.
3. Is é an craoladh sealadach seo le linn mhí an Mhárta, an chéad chéim i dtreo stáisiún raidió Gaeilge do dhaoine óga a chur ar fáil ar an gcóras FM. Bíonn ardú mór ar lucht éisteachta *Raidió Rí-Rá* nuair a bhíonn an stáisiún ag craoladh beo ar an gcóras sin. Tá sé soiléir mar sin go bhfuil éileamh ar do stáisiún raidió Gaeilge do dhaoine óga. Is fearr go mór a éireoidh le stáisiún raidió Gaeilge lucht éisteachta a mhealladh má bhíonn an stáisiún ar fáil ar an gcóras FM.
4. Bíonn *Raidió Rí-Rá* i gcónaí ag iarraidh teacht ar mhodhanna nua chun lucht éisteachta a mhealladh chuige féin. Faoi láthair tá cúpla slí ann chun teacht ar an stáisiún i rith na bliana ar fad. Is féidir leat éisteacht leis ar líne ag [www.rrr.ie](http://www.rrr.ie) nó tríd an bhfeidhmchlár (app) nua ar iPhone agus ar fhóin phóca Nokia. Chomh maith leis sin, tá obair idir lámha ag an stáisiún chun feidhmchlár Android a fhorbairt freisin. Tá sé beartaithe ag *Raidió Rí-Rá* dul ar an gcóras digiteach teilifíse amach anseo. Níl aon dabht faoi ná go bhfuil *Raidió Rí-Rá* ag dul ó neart go neart.
  - (i)
    - (a) Conas is féidir leat teacht ar *Raidió Rí-Rá* i rith na bliana ar fad ?
      - *Is féidir teacht air ar líne nó ag ([www.rrr.ie](http://www.rrr.ie)) nó tríd an bhfeidhmchlár (app) nua ar iPhone nó ar fhóin phóca (Nokia).*
      - (b) Cathain a thosaigh *Raidió Rí-Rá* ag craoladh den chéad uair?
        - *(I mí an Mhárta) 2008.*
  - (ii)
    - (a) Cén bhaint atá ag *Raidió Rí-Rá* leis an bhféile idirnáisiúnta, Seachtain na Gaeilge?

*Is é *Raidió Rí-Rá* an stáisiún oifigiúil a bhíonn ag an bhféile idirnáisiúnta Seachtain na Gaeilge*
    - (b) Cén aidhm atá ag craoladh sealadach *Raidió Rí-Rá* i mí an Mhárta?
      - *Chun stáisiún raidió Gaeilge do dhaoine óga a chur ar fáil.*
      - *Chun stáisiún raidió Gaeilge a chur ar fáil ar an gcóras raidió FM.*

(iii) Breac síos **dhá** rud **eile** atá beartaithe ag *Raidió Rí-Rá*.

- *Dul ar an gcóras digiteach teilifíse amach anseo.*
- *Feidhmchlár Android a fhorbairt don staisiún.*
- *Chun modhanna nua a fhorbairt / a fháil / chun lucht éisteachta a mhealladh.*

(iv) Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?

**‘Is féidir go leor rudaí a dhéanamh má théann tú ar líne ag [www.rrr.ie](http://www.rrr.ie).’**

**Alt 1;** Alt 2; Alt 3; Alt 4.

(v) Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?

**‘Is léir gur buntaiste é do *Raidió Rí-Rá* a bheith ar fáil ar FM.’**

Alt 1; Alt 2; **Alt 3;** Alt 4.

ROINN III

TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA

20 MARC

**Ceist 2.** Freagair **A** agus **B** anseo.

**A (10 marc)**

Scríobh Aisling Ní Bhrádaigh an nóta dialainne seo a leanas faoi *Na Cluichí Oilimpeacha 2012*. Nuair a bhí an nóta scríofa aici thug sí faoi deara gur scríobh sí san Aimsir Chaite é nuair ba cheart di é a scríobh san Aimsir Fháistineach.

Léigh an nóta dialainne a scríobh Aisling. Ansin athscríobh an nóta dialainne i do fhreagarleabhar agus cuir na briathra atá i gcló trom san **Aimsir Fháistineach**.

**Sampla:** “**Cuirfear** tús le Cluichí Oilimpeacha 2012 ar 27 Iúil i Londain...”

**Na Cluichí Oilimpeacha 2012**

**Cuireadh** tús le Cluichí Oilimpeacha 2012 ar 27 Iúil i Londain agus **chríochnaigh** siad ar 12 Lúnasa. Deir an coiste stiúrtha **gur baineadh** úsáid as an e.teicneolaíocht chun na Cluichí a thaispeáint ar fud an domhain. **Fuair tú** beo ar líne iad. **Ní dhearna** an coiste stiúrtha dearmad ar na páistí óga ach oiread mar **spreag** eachtraí *Wenlock agus Mandeville*, sonóga oifigiúla na gCluichí, iad chun spéis a chur sna cluichí.

**Cuirfear** tús le Cluichí Oilimpeacha 2012 ar 27 Iúil i Londain agus **críochnóidh** siad ar 12 Lúnasa. Deir an coiste stiúrtha **go mbainfear** úsáid as an e.teicneolaíocht chun na Cluichí a thaispeáint ar fud an domhain. **Gheobhaidh tú** beo ar líne iad. **Ní dhéanfaidh** an coiste stiúrtha dearmad ar na paistí óga ach oiread mar **spreagfaidh** eachtraí *Wenlock agus Mandeville*, sonóga oifigiúla na gCluichí, iad chun spéis a chur sna Cluichí.

## B (10 marc)

Anseo thíos tá giota téacs athchóirithe faoin gclár *Bean an Tí sa Chistin*.  
(ó shuíomh gréasáin [www.tg4.ie](http://www.tg4.ie).)

### Athscríobh na habairtí i do fhreagarleabhar.

- Líon na bearnaí leis an bhfocal / na focail is oiriúnaí sna habairtí **1, 2, 3** agus **5** thíos.
- Scríobh an leagan cruinn de na figiúirí atá idir lúibíní in abairt **4** thíos.
- Aimsigh ainmfhocal **amháin** sa **tuiséal ginideach uatha** in abairt **6** agus scríobh an focal sin i do fhreagarleabhar.

**Sampla: 1.** Thaispeáin Tg4 sraith clár cócaireachta *Bean an Tí sa Chistin* le déanaí.

### Comórtas Cócaireachta na Gaeltachta

1. Thaispeáin Tg4 sraith clár cócaireachta *Bean an Tí sa Chistin* le déanaí.
2. Comórtas cócaireachta na Gaeltachta a bhí .....  
(a) sé (b) ann (c) air (d) san
- ✓ Comórtas cócaireachta na Gaeltachta a bhí **ann**.
3. Bhí mná tí as coláistí samhraidh sna Gaeltachtaí ..... páirteach ann.  
(a) difriúla (b) difriúil (c) difriúl (d) dhifriúla
- ✓ Bhí mná tí as coláistí samhraidh sna Gaeltachtaí **difriúla** páirteach ann.
4. Craoladh an tsraith clár den chéad uair sa bhliain (2011).....  
✓ ***Dhá mhíle is a haon déag/ Fiche is a haon déag.***
5. Thug fear an tí, Pádraig Ó Sé, cabhair do na mná tí nuair a theastaigh lámh chúnta .....  
✓ Thug fear an tí, Pádraig Ó Sé, cabhair do na mná tí nuair a theastaigh lámh chúnta **uathu / uaidh**.
6. Bean an Tí sa Chistin an t-ainm a bhí ar an gclár.  
✓ ***Tí ....an tuiseal ginideach den ainmfhocal ‘Teach’.***

- Ceist 1.** Léigh an sliocht seo agus freagair **trí** cinn de na ceisteanna a ghabhann leis. (15 mharc)  
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as A agus ceist **amháin** a roghnú as B.  
Is féidir an tríú ceist a roghnú as **A nó** as **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.  
Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.

### ‘Tá an Eoraip ansin ar fhíor na spéire.’

**Cúlra an Scéil:** Ógánach atá ag insint an scéil seo. Ní luaitear a ainm. Tharla cogadh uafásach ina thír dhúchais san Afraic agus d’fhág sé í in éineacht le mórán daoine eile. D’íoc na daoine seo airgead mór le fir a raibh gunnaí acu. Tugadh geallúintí dóibh. Cuireadh isteach i dtrucaílí iad agus ghluais siad ar aghaidh i dtreo fhíor na spéire. Sa trucail ina bhfuil sé ag taisteal, cásann an t-ógánach le cailín.

1. ‘Is mise Fatima,’ ar sise, ‘tá áthas orm gur tháinig tú slán.’ ‘Mise freisin,’ arsa mise. ‘Cá bhfuil tú ag dul?’ a d’fhiafraigh sí díom. ‘Deirtear liom go bhfuil mé ag dul chun na hEorpa,’ arsa mise. ‘Táimid go léir ag dul chun na hEorpa,’ ar sise, ‘ach cén áit go díreach?’ ‘Níl a fhios agam,’ arsa mise, ‘ach ní féidir go bhfuil an Eoraip chomh mór sin.’ ‘Tá an Eoraip ollmhór, lán de dhaoine.’ ar sise liom. ‘Lán d’airgead, leis,’ arsa mise ag cuimhneamh ar na scéalta a chuala mé. ‘Deirtear go bhfuil ór le fáil ar na sráideanna agus go bhfuil gach duine saibhir.’ ‘Níl a fhios agam faoi sin,’ ar sise go ciúin, ‘ach is cuma liom fad is nach bhfuil aon chogadh ann.’ Bhí meangadh gáire ar a béal agus bhí a cuid fiacal chomh snasta leis an ngealach. ‘Ionann cás dúinn, mar sin,’ ar sise. ‘táimid nasctha le chéile, tusa agus mise.’
2. Fuair sí greim láimhe orm agus d’fháisc sí. Bhraith mé míchompordach go raibh cairdeas agus caidreamh idir mé agus duine eile. Bhí mé ag smaoineamh ar mo theaghlach agus ar mo chairde. ‘Tabharfaidh mise aire duit,’ ar sise, agus níor chuala mé na focail sin le fada an lá. Bhí compord iontu ach bhí cuid díom ag diúltú dóibh. B’fhéidir go raibh tuirse rómhór orm. Nó b’fhéidir nach raibh ann ach go bhfaca mé spotáí dubha ina seasamh i lár na gile agus iad ag cúlú uaim. Ní cuimhin liom mórán eile an oíche sin ach ceapaim gur chuimhin liom an fáscadh láimhe úd eile agus gáire íseal.
3. Ghluaiseamar linn arís an mhaidin ina dhiaidh sin. Bhí Fatima ina suí in aice liom. Ní dúramar mórán i rith an lae. Cheapfá gur shíleamar go gcuirfeadh caint moill orainn. Ní raibh faic le feiceáil ach gaineamh ag síneadh uainn. Cheap mé go bhfaca mé loch uisce ar chlé ach ní raibh ann ach mo shúile ag imirt cleas orm. Bhíomar ag gluaiseacht linn go suaimhneach nuair a stop an trucail. Gan choinne chualamar cleatráil ó thrucaílí eile. Glórtha daoine go hard agus iad ag béicíl. ‘Tá siad ag iarraidh orainn teacht anuas den trucail,’ arsa Fatima liom. ‘Ach nílimid san Eoraip fós,’ arsa mise. ‘Sin é an chuma atá air,’ ar sise.
4. Leis sin sheas fear óg os ár gcomhair. Gunna fada bagrach ina lámh. Bhí idir fhuinneamh is eagla ina shúile. ‘Amach libh,’ ar seisean go borb, ‘seo é deireadh an bhóthair.’ Bhagair sé isteach i líne sinn, líne a bhí chomh cam lena bhéal féin. Bhí teas millteanach ann agus chonaic mé allas ar ghrua Fhatima nach raibh uirthi riamh roimhe sin.
5. Shiúil fear an ghunna suas an líne cham agus ar ais arís, cúpla uair. ‘Seo é deireadh an bhóthair!’ ar seisean linn. ‘Ní rachaidh na trucaílí seo níos faide. Thug siad trasna an ghaineamhlaigh sibh agus sin an méid a iarradh orainn. Is fúibh féin atá sé as seo amach.’ ‘Ach cá bhfuil an Eoraip?’ a d’fhiafraigh Fatima de. ‘Cá bhfuil na doirse, na geataí, an obair?’ ar sí. ‘Gheall tú dúinn go dtabharfá sinn go himeall an ghainimh, go tairseach na hEorpa. Ní fheicim imeall anseo. Ní fheicim an Eoraip,’ a dúirt sí go lánmhuinéach. ‘Ná bíodh aon eagla oraibh,’ arsa fear an ghunna. ‘Tá an Eoraip ansin ar fhíor na spéire.’ Shín sé a mhéar i dtreo fhíor na spéire,’ agus dúirt os ard: ‘Tá an Eoraip thall ansin.’ Rug Fatima greim docht daingean ar mo lámh.

## A ( Buntuisicint )

- (i) Luaigh **dhá** chúis a raibh na daoine sna trucaílí ag dul chun na hEorpa.( **Cúlra & Alt1**)
- *Tharla cogadh uafásach ina dtír dhúchais san Afraic.*
  - *Bhí an Eoraip lán d'airgead.*
  - *Deirtear go bhfuil ór le fáil ar na sráideanna san Eoraip.*
  - *Deirtear go bhfuil gach duine saibhir ann.*
  - *Tugadh geallúintí dóibh.*
  - *Níl cogadh ann.*
  - *Tá an Eoraip mór agus lán de dhaoine*
- (ii) Breac síos **dhá** chúis ar mhothaigh an t-ógánach mí-chompordach le cairdeas Fatima.(**Alt 2**)
- *Bhraith sé míchompordach go raibh cairdeas agus caidreamh daonna aige.*
  - *Bhí sé ag smaoineamh ar a theaghlach agus ar a chairde.*
  - *Bhí tuirse air.*
  - *Chonaic sé spotaí dubha ina seasamh i lár na gile agus iad ag cúlú uaidh. = Níor chreid sé ina chroí istigh go raibh an saol gránna thart.*
  - *Rug sí greim láimhe air.*
  - *Rinne Fatima gáire íseal.*
- (iii) Luaigh **dhá** chúis a raibh allas ar ghrua Fatima. (Alt 4 & Alt 5)
- *Bhí scanradh / faitíos / eagla / inní / buaireamh uirthi.*
  - *Bhí teas millteanach ann.*
  - *Bhí sí ag beartú ceisteanna a chur ar fhear an ghunna.*
  - *Sheas fear le gunna ina láimh os a comhair.*
  - *Shiúil fear an ghunna suas an líne cham cúpla uair.*

## B ( Léirthuisicint Ghinearálta )

- (i) Luaigh cosúlacht **amháin** agus difríocht **amháin** atá idir an t-ógánach (an scéalaí) agus Fatima. I gcás ceann **amháin** díobh, mínigh a bhfuil i gceist agat.

### Cosúlachtaí:

- *B'ionann cás dóibh beirt. Bhí siad beirt ag teitheadh ón gcogadh.*
- *Is daoine óga iad.*
- *Tá siad ag dul chun na hEorpa.*
- *Tá siad beirt ceanúil/grámhar agus cineálta.*
- *Bhí siad tostach / áthasach / eaglach.*

### Difríochtaí:

- *Is ceannaire í Fatima. Dúirt sí leis an ógánach go dtabharfadh sí aire dó. Ceistíonn sí fear an ghunna. Ní léiríonn an t-ógánach na tréithe seo.*
- *Tá Fatima níos misniúla ná an t-ógánach. Ceistíonn sí fear an ghunna go lán-mhuiníneach.*
- *Níl Fatima chomh saonta leis an ógánach.*
- *Tá sí gealgháireach, tá sé dáiríre.*
- *Bhraith sé míchompordach ag caint léi. Bhraith sí compórdach ag caint leis.*

- (ii) Luaigh **dhá** phointe eolais a léiríonn an teannas atá sa scéal seo. I gcás ceann **amháin** díobh, mínigh a bhfuil i gceist agat.
- *Tá na daoine sna trucaílí ag teitheadh. / Is teifigh iad na daoine atá sna trucaílí.*
  - *Tharla cogadh uafásach ina dtír féin.*
  - *Ní raibh a fhios ag éinne go díreach cá raibh siad nó cá raibh a dtriall.*
  - *Breac eolas a bhí ag Fatima agus an t-ógánach i dtaobh na hEorpa.*
  - *Cuireadh isteach i dtrucaílí iad.*
  - *Fir le gunnaí luaite cúpla uair.*
  - *Ní dúirt na daoine mórán i rith an lae. Cheapfá gur shíl siad go gcuirfeadh caint moill orthu.*
  - *Tá teannas le brath nuair a stopann an trucaíl gan choinne.*
  - *Labhair fear (an ghunna) go bagrach / go borb leo.*
  - *Bhí idir fhuinneamh agus eagla i súile an fhir a raibh an gunna aige.*
  - *Bagraíodh na daoine isteach i líne sa ghaineamhlach.*
  - *'Is é seo deireadh an bhóthair,' a duirt fear an ghunna leo.*
  - *Tá teannas mór le brath nuair a cheistíonn Fatima fear an ghunna.*
  - *Bhraith an t-ógánach míchompórdach.*
  - *Bhí Fatima ag cur allais.*
- (iii) Cén fáth, dar leat, nár thug an t-údar ainm ar an ógánach (an scéalaí) ná ar an tír a raibh sé ag teitheadh uaithe, sa scéal seo? Luaigh **dhá** chúis.
- *Seasann an t-ógánach do na hógánaigh go léir gan ainm a mharaítear agus a scriostar a saoil le cogadh ar fud na hAfraice.*
  - *Is urlabhraí é an t-ógánach seo do ógánaigh i dtíortha na hAfraice atá faoi chois ag cogaidh agus ag foiréigean.*
  - *Níl sé ag caint faoi aon tír faoi leith. Seasann an tír seo do na tíortha go léir ar fud a domhain agus na daoine iontu atá scriosta ag cogaidh.*
  - *Dá dtabharfadh sé ainm ar an tír bheadh an léitheoir ag iarraidh fíricí an scéil a mhaitseáil le fíricí na staire.*
  - *Scéal fíor atá á insint aige agus bhí sé ag iarraidh an t-ógánach a chosaint agus a ainm a cheilt.*

- Ceist 3.** Léigh an dá dhán thíos agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo. **(15 mharc)**  
 Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.  
 Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** nó as **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.  
*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*

### Amhrán an Earraigh

- Tá éinín ag canadh ar bhruacha na Laoi.  
 Tá duilleoga glasa ag teacht ar na crainn.  
 Tá féar úr ag fás ar na bánta go mín.
- 4.** Mar tá deireadh le codladh na gréine.
- Tá iasc beag ag léim le háthas san abhainn.  
 Tá cuileoga ag eitilt, iad bán agus donn.
- 8.** Tá cuach ag cantain le meidhir sa ghleann.  
 Mar tá deireadh le codladh na gréine.
- Tá beacha ag bailiú stór meala go dian.  
 Tá uan beag ag méileach ag bun an bhóithrín.
- 12.** Tá feirmeoirí sna goirt ag scaipeadh an tsíl  
 Mar tá deireadh le codladh na gréine.
- Is éirígí suas, a chairde mo chroí,  
 Is líonaigí ard na spéire go binn.  
 Le poirtíní béil cuirfear ruaig ar bhrón
- 16.** Mar tá deireadh le codladh na gréine.

(le **S. E. Ó Cearbhaill**)

#### Gluais:

- L.1:** bruacha: taobhanna; imill; ciumhais  
**L.3:** bánta: páirceanna  
**L.7:** ag cantain: ag canadh  
**L.7:** meidhir; áthas  
**L.11:** ag scaipeadh an tsíl: ag cur na mbarraí  
**L.11:** goirt: páirceanna; garraithe  
**L.15:** poirtíní béil: amhráin

### Glantachán

- Chaitheas amach seantolg
- bord breoite  
 cathaoir chráite
- 4.** nuachtáin neamhléite  
 bróg gan chara.
- Chóiríos ó bhun go barr  
 dhóigh mé
- 8.** shnas mé  
 shocraigh mé.
- Chuile short i mboscaí  
 nó ar sheilfeanna.
- 12.** Gach rud socair,  
 seachas mé féin.  
 Ní raibh mé in ann  
 ord nó eagar
- 16.** a chur ar mo chuid smaointe.
- Go dtí  
 gur chaitheas tusa amach
- 19.** is chuireas an doras faoi ghlas.

(le **Colette Nic Aoidh**)

#### Gluais:

- Briathra:** chaitheas; chaith mé; chuireas:  
 chuir mé  
 chóiríos: chóirigh mé
- L.4:** nuachtáin neamhléite: nuachtáin nár léadh  
**L.10:** chuile short: gach uile short  
**L.12:** socair: socraithe: in ord is in eagar  
**L.13:** seachas: ach amháin; taobh amuigh de

## A ( Buntuisicint )

(i) (a) Breac síos **dhá fhuaim** a luann an file sa dán *Amhrán an Earraigh*.

- *éinín ag cantan*
- *an chuach*
- *uan beag ag méileach*
- *poirtíní béil*
- *iasc ag léim*

(b) Breac síos **dhá radharc** a luann an file sa dán *Amhrán an Earraigh*.

- *duilleoga ar na crainn*
- *na bánta féarmhara*
- *féar ag fás*
- *iasc ag léim san abhainn*
- *beacha ag bailiú meala*
- *feirmeoirí ag scaipeadh an tsíl*
- *cuileoga ag eitilt*

(ii) (a) Luaigh **dhá** shórt glantacháin ( *nó cúram tí* ) a rinne an file sa dán *Glantachán*.

- *Chaith an file troscáin bhriste amach – tolg, cathaoir, bord.*
- *Chóirigh sí an teach, ‘ó bhun go barr’.*
- *Dhóigh sí rudaí.*
- *Chuir sí snas ar rudaí.*
- *Chuir sí rudaí in ord is in eagar ar sheilfeanna.*
- *Chuir sí rudaí in ord is in eagar i mboscaí.*

(b) Cén **fhadhb**, agus cén **réiteach** uirthi, a luann an file in i **línte 14-19** sa dán *Glantachán*?

Ní raibh mé in ann  
ord nó eagar  
a chur ar mo chuid smaointe.

Go dtí  
gur chaitheas tusa amach  
is chuireas an doras faoi ghlas.

**An fhadhb:** *Níorbh fhéidir leis an bhfile ord nó eagar a chur ar a cuid smaointe féin.*

**An Réiteach:** *Chaith sí ‘tusa’ an dáin amach agus chuir sí ‘an doras faoi ghlas’.*

(iii) Míinigh a bhfuil i gceist ag an bhfile sna **línte 13-16** den dán *Amhrán an Earraigh*.

Is éirígí suas, a chairde mo chroí.  
Is líonaigí ard na spéire go binn.  
Le poirtíní béil cuirfear ruaig ar bhrón.  
Mar tá deireadh le codladh na gréine.

*Sna línte seo molann an file do gach duine dul amach agus amhráin a chanadh agus ‘ard na spéire’ a líonadh le ceol. Má dhéantar sin cuirfear an ruaig ar bhrón. Ceiliúradh a bheidh ann mar tá an geimhreadh imithe agus ‘tá deireadh le codladh na gréine’.*



## B ( Léirthuisicint )

(i) Cén **mothúchán** is láidre sa dán *Amhrán an Earraigh*? Tabhair **dhá** phointe eolais faoi.

- *Áthas; sceitimíní áthais; gliondar; tógáil chroí; ceiliúradh; dóchas.*

### Dhá phointe eolais:

- *Tá sceitimíní áthais ar an bhfile mar cloiseann sé na fuaimeanna a thugann le fios dó go bhfuil an t-Earrach ann*
- *Feiceann sé na radharcanna a thugann le fios dó go bhfuil an t-Earrach ann.*
- *Tá sceitimíní áthais ar an bhfile mar tuigeann sé go bhfuil an geimhreadh thart.*
- *Tá sceitimíní áthais ar an bhfile mar tuigeann sé go go bhfuil ‘deireadh le codladh na gréine’.*
- *Mothaíonn an file chomh háthasach sin go molann sé do dhaoine eile an ócáid a cheiliúradh le ‘poirtíní béil’.*

(ii) Cén **saghas duine** í an file sa dán *Glantachán*? Is leor **dhá phointe** eolais a lua.

*Tá sé soiléir ón dán gur oibrí dian dícheallach í an file. Is léir go bhfuil sí ag obair go crua mar ghlán sí an teach ó bhun go barr: chaith sí na troscáin bhriste agus na seanpháipéir agus ceann amháin de phéire bróg amach. Dhóigh sí rudaí agus chuir sí rudaí i mboscaí nó ar sheilfeanna. Ag an am gcéanna tá rud éigin ag cur as don bhfile mar ní féidir léi ord nó eagar a chur ar a cuid smaointe. Is dócha gur shíl sí go gceartódh an glantachán an fhadhb a bhí aici ach thuig sí go raibh ‘glantachán’ amháin eile le déanamh. Tugtar sin le fios sna línte: ‘Go dtí / gur chaitheas tusa amach / is chuireas an doras faoi ghlas.’*

*Is é an léamh is soiléire air seo ná gur duine nó páirtnéir an fhile atá í gceist agus gur thuig an file nach mbeadh sí i gceart inti féin go dtí go gcuirfeadh sí an glas ar an doras sin. Tá an ‘tusa’ anseo doiléir d’aon ghnó. Is duine í an file a dteastaíonn uaithi a saol a thosnú as an nua.*

(ii) Luaigh **cosúlacht amháin** agus **difríocht amháin** atá idir an dá dhán.

### Cosúlachtaí

- *Tá obair i gceist sa dá dhán. Sa dán Amhrán an Earraigh ‘ tá feirmeoirí sna goirt ag scaipeadh an tsíl’. Sa dán Glantachán ghlán an file an teach.*
- *Samhláimid na radharcanna atá í gceist sa dá dhán. Sa dán Amhrán an Earraigh samhláimid na radharcanna seo: duilleoga ar na crainn, na bánta féarmhara, iasc ag léim san abhainn, beacha ag bailiú meala, feirmeoirí ag scaipeadh an tsíl. Sa dán Glantachán samhláimid an file i mbun an ghlantachain ag caitheamh na rudaí amach: seantolg, bord breoite, cathaoir chráite, nuachtáin neamhléite. bróg gan chara.*
- *Tá ceiliúradh i gceist sa dá dhán. Sa dán Amhrán an Earraigh ceiliúránn an file teacht an Earraigh. Ceiliúránn sé go bhfuil ‘deireadh le codladh na gréine’. Sa dán Glantachán ceiliúránn an file gur aimsigh sí réiteach na faidhbe a bhí ag cur as dí: Ní raibh sí in ann ord nó eagar a chur ar a cuid smaointe go dtí gur chaith sí ‘tusa’ an dáin amach agus gur chuir sí an doras faoi ghlas.*
- *Daoine luaite sa dá dhán.*

## Difríochtaí

- *Tá leagan amach rialta ar an dán Amhrán an Earraigh. Sa dán Glantachán tá leagan amach neamhrialta ar an dán.*
- *Tá rithim cheolmhar sna línte sa dán Amhrán an Earraigh. Tá ceithre bhéim sa chéad thrí líne i ngach véarsa agus trí bhéim sa cheathrú líne i ngach véarsa. Sa dán Glantachán tá rithim neamhrialta sa dán. Tá an rithim briste agus fad na línte ag teacht leis seo.*
- *Sa dán Amhrán an Earraigh mothaímid an t-áthas a mhothaíonn an file ach sa dá dán eile ní áthas a mhothaímid ach díoma agus frustrachas an fhile go dtí gur shocraigh sí an fhadhb a bhí aici.*